Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2025
(OR. en)

14858/25

LIMITE

CORLX 1025
CFSP/PESC 1566
RELEX 1386
COMET 81
COTER 183

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0346(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1686 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise arna ndíriú ar ISIL (Da'esh) agus ar Al Qaeda agus ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo |

**RIALACHÁN (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1686**
**lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise arna ndíriú ar ISIL (Da'esh)**
**agus ar Al-Qaeda agus ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha,**
**eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo[1+],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L, …, ELI: ….

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha agus dáta glactha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 14855/25 agus cuir isteach san fhonóta na sonraí ábhartha maidir le foilsiú an doiciméid sin in IO.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle[2], tugtar éifeacht do Chinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle[3].

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo, an …[+], ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/…[++], chun grúpa amháin a chur leis an liosta de dhaoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Tá an t-eintiteas sin faoi réir bearta sriantacha cheana féin faoi Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle[4] agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle[5]. Chun a áirithiú go ndéanfar na bearta maidir le reo sócmhainní a chur chun feidhme go haonfhoirmeach, le Cinneadh (CBES) 2025/…[++] cuirtear ar fionraí na bearta sriantacha ábhartha is infheidhme maidir leis an eintiteas sin faoin gCinneadh sin fad agus a bheidh feidhm ag na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES maidir leis.

---

2 Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise dírithe arna ndíriú ar ISIL (Da'esh) agus ar Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo (IO L 255, 21.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1686/oj).

3 Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1693/oj).

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta ghlactha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 14855/25.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 14855/25.

4 Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/369/CBES (IO L 366, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj).

5 Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm a bhaineann le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 193, 23.7.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1183/oj).

PUBLIC

(4) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1686 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/1686, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2), a mhéid a bhfuil feidhm acu maidir le 'Fórsaí Daonlathacha na gComhghuaillithe', cuirfear ar fionraí iad fad agus a bheidh feidhm ag na bearta a leagtar síos in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle* maidir leis an eintiteas sin.

---

* Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 193, 23.7.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1183/oj).'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC